Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

15070/26

PUBLIC 84
INF 320

NÓTA

Ábhar:	ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE – MEÁN FÓMHAIR 2026

Sa doiciméad seo liostaítear na gníomhartha a ghlac an Chomhairle trí nós imeachta i scríbhinn i mí Mheán Fómhair 2026.

Ionas gur furasta tagairt dóibh, luaitear freisin na ‘gearrtheidil’, mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (an cló iodálach).

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

- dáta an ghlactha trí nós imeachta i scríbhinn,[1]
- an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil.

Tá faisnéis faoi ghníomhartha eile arna nglacadh ag an gComhairle le fáil ar leathanach gréasáin tiomnaithe na Comhairle, faoin roinn ‘Cruinnithe’[2]. Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag: Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle – Consilium

1 I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d’fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a ghlacfaidh an Chomhairle an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh féin, ós rud é nach measter gur glactha atá na gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

2 https://www.consilium.europa.eu/ga/home/

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: Doiciméid agus foilseacháin – Consilium.

Mura bhfuil fáil ar dhoiciméid, is féidir iarraidh ar rochtain orthu a chur isteach ag: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil.

Nósanna imeachta i scríbhinn	
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 1 Meán Fómhair 2026	**CM 3987/26**
Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 40/c/01/26	12174/26 +
Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 42/c/01/26	12208/26
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 3 Meán Fómhair 2026	**CM 4021/26**
Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013	8190/26 + ADD 1
Ráiteas ón gCoimisiún maidir le táille láimhseála an Aontais Nuair a bhunófar táille láimhseála an Aontais i gCód Custaim an Aontais, is éard a bheidh inti acmhainn dhílis thraidisiúnta (ADT) de réir bhrí Airteagal 2(1)(a) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, [arb é atá ann cinneadh reatha maidir le hacmhainní dílse], toisc go bhfuil méid na táille le bunú ag institiúidí an Aontais i ndáil le trádáil le tríú tíortha. Dá réir sin, faoin gCinneadh reatha maidir le hAcmhainní Dílse, coinníonn na Ballstáit 25 % de ADT ach ioncam ó bhuiséad an Aontais atá sa chuid eile. Mar sin féin, le hAirteagal 13(9) den Togra ón gCoimisiún le haghaidh an Chinnidh nua maidir le hAcmhainní Dílse[1], tugtar isteach beart idirthréimhseach lena sonraítear nach gcuirfear an táille láimhseála ar fáil do bhuiséad an Aontais go dtí deireadh an CAI seo[2], Dá gcomhaontófaí an fhoráil sin, chiallódh sé go mbeadh na Ballstáit ina dtairbhithe den ioncam a ghinfí leis an táille go dtí deireadh 2027. Leagfar síos na mionsonraí maidir le comhaontú den sórt sin a chur chun feidhme sa togra le haghaidh Rialachán maidir le Cur ar Fáil. Go dtí go gcomhaontóidh na Ballstáit an fhoráil sin agus go dtiocfaidh sí i bhfeidhm, beidh feidhm ag forálacha an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse atá i bhfeidhm faoi láthair. Dá bhrí sin, is léir gur ar mhaithe leis na Ballstáit a bheidh sé teacht ar chomhaontú maidir leis an gCinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse a luaithe is féidir. _____ [1] Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 (COM/2025/574 final). [2] Airteagal 13(9): 'Sa tréimhse idir an [1 Samhain 2026] agus an 31 Nollaig 2027, de mhaolú ar Airteagal 9, mír 3 agus na rialacha arna nglacadh de bhun Airteagal 10, pointe (b), de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053, ní chuirfear ar fáil méideanna acmhainní dílse traidisiúnta a bhaineann le scaoileadh earraí a dhíoltar i gciandíolacháin a láimhseáil i saorchúrsaíocht agus ní bheidh feidhm ag na rialacha a bhaineann le rialuithe, maoirseacht agus tuairisciú maidir leis na méideanna sin.'.	

An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 4 Meán Fómhair 2026	**CM 4020/26**
Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026: Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar chaiteachas Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026:Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar chaiteachas – Seasamh ón gComhairle	11539/26 + ADD 1
Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027 Dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027 – Seasamh ón gComhairle	11544/26 + ADD 1 + ADD 2
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 4 Meán Fómhair 2026	**CM 4014/26**
Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 41/C/01/26 – Dréachtfhreagra	12183/26 + COR 1
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 14 Meán Fómhair 2026	**CM 4130/26**
Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 43/C/01/26 – Dréachtfhreagra	12392/26
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 15 Meán Fómhair 2026	**CM 3914/26**
Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin Cinneadh (CBES) 2026/2103 ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2026 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin	13145/26
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 22 Meán Fómhair 2026	**CM 4277/26**
Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin Cinneadh (CBES) 2026/2161 ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2026 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin	13340/26 REV 1

Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2160 ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2026 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin	11506/26 REV 2
Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2103 ón gComhairle agus Cinneadh (CBES) 2026/2161 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2160 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin	11508/5/26 REV5
Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2103 ón gComhairle agus Cinneadh (CBES) 2026/2264 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2263 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin	11508/5/26 REV5